**AN FORAS RIARACHÁIN**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA)**

**RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH**
**31 NOLLAIG 2018**

CLÁR ÁBHAR

| | Uimh. Leathanaigh |
|---|---|
| STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE | 3 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ | 4 - 11 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH | 12 - 14 |
| TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE | 15 - 17 |
| RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 18 |
| RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH | 19 |
| RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS | 20 |
| RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS | 21 |
| RÁITEAS SREAFAÍ AIRGID | 22 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 23 - 33 |

**AN FORAS RIARACHÁIN**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE**
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | |
|---|---|
| **STIÚRTHÓIRÍ** | Martin O'Halloran (Cathaoir)<br>Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir)<br>Elizabeth Adams (Ar scor Meán Fómhair 2018)<br>Raymond Dolan<br>Lucy Fallon-Byrne<br>Pat Gallagher<br>Carolyn Gormley<br>Connie Kelleher (Ar scor Meán Fómhair 2018)<br>Paul Lemass<br>Fergal Lynch<br>Stephen Mulvany<br>Pat Naughton<br>Siobhan O'Halloran |
| **RÚNAÍ & OIFIG CHLÁRAITHE** | Katherina McCaul<br>59 Bóthar Lansdún<br>Baile Átha Cliath 4 |
| **INIÚCHÓIRÍ** | Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **PRÍOMHBHAINCÉIRÍ** | Banc Aontas Éireann<br>52 Sráid Bhagóid Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 4<br><br>Banc KBC<br>Sráid Sandwith<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **ATURNAETHA** | Eversheds<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **UIMHIR OIFIG CHLÁRÚCHÁIN NA gCUIDEACHTAÍ** | 21087 |
| **UIMHIR CHLÁRAITHE CHARTHANAIS** | 20008031 |
| **UIMHIR CHARTH. (COIMISINÉIRÍ IONCAIM)** | 5401 |

## RIALACHAS

### Bord an Fhorais Riaracháin

I mbunreacht an Fhorais Riaracháin (mar a leasaíodh in 2017) sonraítear comhdhéanamh an Bhoird agus na n-eagraíochtaí atá freagrach as baill a ainmniú chuig an mBord. Sna hAirteagail foráiltear leis, gur féidir ball amháin a cheapadh trí chomh-thoghadh.

**Bhí Ballraíocht an Bhoird i gcomhair 2018 mar seo a leanas:**

- An tUas. Martin O'Halloran (Cathaoirleach), POF scórtha, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An Dr. Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir), An Foras Riaracháin
- An Dr. Fergal Lynch, Ard-Rúnaí An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An tUas. Stephen Mulvany, Príomhoifigeach Airgeadais, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
- Elizabeth Adams, Uas., Stiúrthóir Forbartha Gairmiúla Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann (INMO) (Ar scór Meán Fómhair 2018)
- Carolyn Gormley, Uas., Ionadaí Foirne, An Foras Riaracháin
- An tUas. Pat Naughton, Stiúrthóir Feidhmeach, An Grúpa Daoine agus Inmharthanacht, BSL
- An Dr Pat Gallagher, POF, Comhairle Chontae na hIarmhí
- An Dr Lucy Fallon-Byrne, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An tUas. Ray Dolan, POF, Safefood na hÉireann
- An tUas. Connie Kelleher, Ionadaí na Macléinn (Ar scór Meán Fómhair 2018)
- An tUas. Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Dr Siobhan O'Halloran, Príomhoifigeach Altranais, An Roinn Sláinte

### An Grúpa Bainistíochta Sinsearach, An Foras Riaracháin

Is í an Dr Marian O'Sullivan Príomh-Stiúrthóir An Fhorais Riaracháin agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúchán, is uirthi atá an fhreagracht dheiridh as gach oibríocht a bhíonn ar siúl ag an bhForas. Is é an Grúpa Bainistíochta Sinsearach atá freagrach as bainistíocht ghnóthaí an Fhorais ar an iomlán.

*Is iad seo a leanas Baill an Ghrúpa Bhainistíochta Shinsearaigh*

- An Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir
- An Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, Cláraitheoir agus Ceann Scoil Rialachais agus Bainistíochta Whitaker
- Teresa Casserly, Uas., Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
- An tUas. Aidan Horan, Stiúrthóir, Seirbhísí Oiliúna, Forbartha agus Comhairleoireachta
- An Dr Richard Boyle, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorparáide
- Noreen Fahy, Uas., Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais & Corparáide (ceaptha Samhain 2018)
- Katherina McCaul, Uas., Stiúrthóir Acmhainní Daonna (ceaptha Nollaig 2018)
- Christine McNally, Uas., Ceann Acmhainní Daonna (Eanáir 2018 go Aibreán 2018)
- An tUas. Joseph O'Malley, Stiúrthóir Airgeadais gníomhach, (Eanáir 2018 go Meán Fómhair 2018)

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

### Gnóthaí arna gcoinneáil don mBord

Sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* tugtar cuntas ar na gnóthaí uile a choinnítear go sonrach le haghaidh cinnidh ón mBord. Coinnítear na príomh-ghnóthaí seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- An Tuarascáil Bhliantúil, an Buiséad Bliantúil agus an Plean Gnó Corparáide a fhaomhadh;
- Faomhadh na Ráiteas Airgeadais Bhliantúla;
- Téarmaí tagartha coistí an Bhoird agus
- Leibhéil údaráis tharmligthe, beartas ciste agus beartais maidir le bainistíocht riosca.

- In Airteagail Chomhlachais an Fhorais leagtar amach ról an Bhoird agus ról an Ard-Stiúrthóra. Sna hAirteagail leagtar síos "Go mbeidh gnó an Fhorais á bhainistiú ag an mBord". Cuirtear na nithe seo a leanas in iúl iontu:

1. Go mbeidh de chumhacht ag an mBord gnó, feidhmeanna agus cumhachtaí bainistíochta ar bith dá chuid a tharmligean don Ard-Stiúrthóir;
2. Téarmaí mór-chonarthaí a fhaomhadh;
3. Go mbeidh de chumhacht aige fo-choistí a cheapadh (lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil cumhachtaí an Bhoird), srl.;
4. Aidhmeanna agus cuspóirí an Fhorais a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus athruithe beartais a shocrú;
5. A chinntiú go mbainfear na haidhmeanna seo amach trí bheartais a cheapadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus trí monatóireacht a dhéanamh ar sheoladh ghnó an Fhorais;
6. Buiséad agus pleananna corparáideacha bliantúla a shocrú/a fhaomhadh; an tArd-Stiúrthóir a cheapadh; agus ar mholadh ón Ard-Stiúrthóir, na hoifigigh eile siúd a cheapadh de réir mar a d'iarrfadh an Bord ó ham go chéile;
7. Mionathruithe suntasacha ar shochair phinsin an POF agus na foirne a fhaomhadh.

Is iad prionsabail an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* 2016 a threoraíonn an Cathaoirleach agus an Bord go láidir.

Tá ar an Institiúid Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais ar shlí a fhaomhfadh a tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú ní mór don bhForas:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin;
- A chinntiú go mbeidh breithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta stuama;
- A chur in iúl cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna Ráitis Airgeadais;
- A chinntiú go léiríonn na Ráitis Airgeadais léargas fíor cruinn ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Fhorais ag deireadh na bliana; agus
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Foras ar aghaidh i mbun gnó.

Tá an Foras freagrach as taifid chuntasaíochta cuí a choinneáil a nochtann staid airgeadais an Fhorais le cruinneas réasúnta agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais oibleagáidí an Chóid Chleachtais. Lena chois sin tá an Foras freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna cuí a ghlacadh chun calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Measann an fo-choiste Airgeadais & Straitéise, agus ina dhiaidh sin an Bord, cruthú an Fhorais Riaracháin i gcomórtas leis an bplean gnó bliantúil agus an buiséad.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Fhorais sna ráitis airgeadais 2018 amhail an 31 Nollaig 2018.

## STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá comhdhéanamh an Bhoird mínithe i Meamram agus Airteagail an Fhorais Riarach« áin.

Is deimhin leis an mBord nach bhfuil aon chaidreamh gnó ná haon chaidreamh eile ag a chuid ball a d'fhéadfadh cur isteach orthu go suntasach nó a bhféadfadh an dealramh sin a bheith air, agus iad i mbun breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú.

Nochtann gach ball den mBord leas ar bith agus fágann siad má bhíonn plé agus cinntí ar siúl ag an mBord ina bhfuil coimhlint leasa acu nó a bhfuil leas díreach nó neamhdhíreach acu iontu, de réir mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Sonraítear ballraíocht an Bhoird agus téarmaí oifige i dTábla 1.

***Tábla 1: Ballraíocht an Bhoird agus Téarmaí Oifige***

| *Tag* | *Ainm* | *Ról* | *Dáta ceaptha* | *Éagfaidh an téarma reatha* |
|---|---|---|---|---|
| *1* | An tUas. Martin O'Halloran | Cathaoirleach | Samhain 2012 | Meán Fómhair 2019 |
| *2* | Elizabeth Adams, Uas. | Gnáth-bhall | Meitheamh 2014 | Meán Fómhair 2018 |
| *3* | An tUas. Ray Dolan | Gnáth-bhall (Comhthofa) | Feabhra 2009 | |
| *4* | An Dr Lucy Fallon-Byrne | Gnáth-bhall | Nollaig 2016 | Nollaig 2019 |
| *5* | An Dr Pat Gallagher | Gnáth-bhall | Meitheamh 2016 | Meán Fómhair 2019 |
| *6* | Carolyn Gormley, Uas. | Gnáth-bhall | Meitheamh 2017 | Meán Fómhair 2020 |
| *7* | An tUas. Connie Kelleher | Gnáth-bhall | Meitheamh 2012 | Meán Fómhair 2018 |
| *8* | An tUas. Paul Lemass | Gnáth-bhall | Deireadh Fómhair 2014 | Meán Fómhair 2019 |
| *9* | An Dr Fergal Lynch | Gnáth-bhall | Meitheamh 2016 | Meitheamh 2019 |
| *10* | An tUas. Stephen Mulvany | Gnáth-bhall | Meitheamh 2016 | Meitheamh 2019 |
| *11* | An tUas. Pat Naughton | Gnáth-bhall | Bealtaine 2017 | Bealtaine 2020 |
| *12* | An Dr Siobhan O'Halloran | Gnáth-bhall | Meitheamh 2014 | Meán Fómhair 2019 |
| *13* | An Dr Marian O'Sullivan | Ard-Stiúrthóir Gnáth-bhall | Deireadh Fómhair 2015 | |

Tá trí choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. **An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**: tá seisear ball den mBord air. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht ráthaíochtaí i dtaobh freastal ar riachtanais ráthaíochta an Bhoird agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ráthaíochtaí seo.

   Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don mBord go foirmiúil. Cuireann sé an t-eolas agus an chomhairle siúd ar fáil di a mheastar a bheith cuí, trí láithreoireachtaí rialta a thugann Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don mBord faoi ghníomhaíochtaí agus saincheisteanna a phléann an Coiste agus moltaí a ghabhann leo. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Tuarascáil Bhliantúil don mBord a thugtar in am chun tacú leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur i gcrích. Ina

thuarascáil féin tugann an Coiste achoimre ar thorthaí na hoibre atá déanta aige i gcaitheamh na bliana. Is iad seo a leanas baill an choiste:

An tUas. Ray Dolan (Cathaoir), An Dr Fergal Lynch, An tUas. Pat Naughton, Elizabeth Adams, Uas. (scortha Meán Fómhair 2018), An Dr Siobhan O'Halloran, An tUas. Paul Lemass.

2. **An Coiste Riaracháin**: comhdhéanta de cheathrar ball Bhoird. Is é ról an Choiste Riaracháin cabhrú leis an mBord maidir le féachaint ar mholtaí i dtaobh soláthar, ceannach agus cur de láimh maoine don bhForas a bhainistiú agus na himpleachtaí a ghabhann leo ó thaobh airgeadais de; líon foirne údaraithe an Fhorais a fhaomhadh; cruthú post buana lánaimseartha agus post ar chonradh a fhaomhadh; athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí an Ard-Stiúrthóra ar shaincheisteanna daonchumhachta, caidrimh thionscail agus saincheist ar bith eile a chuireann an tArd-Stiúrthóir faoina bhráid; agus deimhin a dhéanamh de go gcloítear le barrchleachtas i mbeartas pearsanra agus beartas bainistíochta sa bhForas. Is iad seo a leanas baill an choiste:

   An tUas. Martin O'Halloran, Elizabeth Adams, Uas. (scortha Meán Fómhair 2018), An Dr Pat Gallagher, An tUas. Ray Dolan.

3. **An Coiste Airgeadais agus Straitéise:** comhdhéanta de chúigear ball Bhoird. Is é ról an Choiste Airgeadais agus Straitéise cabhrú leis an mBord an plean bliantúil corparáide a dhréachtú, monatóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an phlean agus an dréacht-bhuiséad bliantúil a iniúchadh agus moltaí a dhéanamh don mBord ina thaobh. Agus an buiséad oibriúcháin bliantúil a bheith faofa, déanann an Coiste athbhreithniú ar a chur i ngníomh i gcaitheamh na bliana agus déanann sé iniúchadh ar chuntais bainistíochta an Fhorais ó am go chéile. Is iad seo a leanas baill an choiste:

   An tUas. Martin O'Halloran (Cathaoir), Carolyn Gormley, Uas., An tUas. Stephen Mulvany, An Dr Fergal Lynch, An Dr Marian O'Sullivan.

   Tuairiscíonn gach coiste don mBord go foirmiúil. Cuireann sé an t-eolas agus an chomhairle siúd ar fáil a mheastar a bheith cuí, trí láithreoireachtaí rialta a thugann Cathaoirleach an choiste don mBord faoi ghníomhaíochtaí agus saincheisteanna a phléann an Coiste agus moltaí a ghabhann leo. Tugann na trí choiste tuarascáil don mBord a thugtar in am chun tacú leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur i gcrích. Sa tuarascáil tugtar achoimre ar thorthaí na hoibre atá déanta i gcaitheamh na bliana.

**Sceideal Tinreamh Bhaill an Bhoird, Táillí* agus Caiteachas**

Anseo thíos tugtar sceideal tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Coiste in 2018, táillí agus caiteachas a fuair gach ball san áireamh.

| Ball Boird | Cruinniú Boird | Coiste Iniúchóireachta & Riosca | Coiste Airgeadais & Straitéise | Coiste Riaracháin |
|---|---|---|---|---|
| An tUas. Martin O'Halloran | 7 as 7 | | 1 as 1 | 1 as 2 |
| Elizabeth Adams, Uas. | 5 as 5 | 3 as 3 | | 1 as 1 |
| An tUas. Ray Dolan | 5 as 7 | 4 as 5 | | 1 as 2 |
| An Dr Lucy Fallon-Byrne | 5 as 7 | | | |
| An Dr Pat Gallagher | 5 as 7 | | | 1 as 2 |
| Carolyn Gormley, Uas. | 7 as 7 | | 1 as 1 | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An tUas. Connie Kelleher | 4 as 5 | | | |
| An tUas. Paul Lemass | 4 as 7 | 3 as 5 | | |
| An Dr Fergal Lynch | 7 as 7 | 3 as 5 | 1 as 1 | |
| An tUas. Stephen Mulvany | 6 as 7 | | 1 as 1 | |
| An tUas. Pat Naughton | 4 as 7 | 4 as 5 | | |
| An Dr Siobhan O'Halloran | 5 as 7 | 2 as 5 | | |
| An Dr Marian O'Sullivan | 7 as 7 | | 1 as 1 | |

| *Tag* | *Ainm* | *Táillí 2018* | *Costais 2018* |
|---|---|---|---|
| *1* | An tUas. Martin O'Halloran | 0 | 0 |
| *2* | Elizabeth Adams, Uas. | 0 | 0 |
| *3* | An tUas. Ray Dolan | 0 | 0 |
| *4* | An Dr Lucy Fallon-Byrne | 0 | 0 |
| *5* | An Dr Pat Gallagher | 0 | 0 |
| *6* | Carolyn Gormley, Uas. | 0 | 0 |
| *7* | An tUas. Connie Kelleher | 0 | 0 |
| *8* | An tUas. Paul Lemass | 0 | 0 |
| *9* | An Dr Fergal Lynch | 0 | 0 |
| *10* | An tUas. Stephen Mulvany | 0 | 0 |
| *11* | An tUas. Pat Naughton | 0 | 0 |
| *12* | An Dr Siobhan O'Halloran | 0 | 0 |
| *13* | An Dr Marian O'Sullivan | 0 | 0 |

*De réir ailt 6 de Mheabhrán Tuisceana an Fhorais Riaracháin, níl táillí iníoctha le Baill Bhoird an Fhorais.

**Príomh-athruithe Pearsanra**

D'fhág Cyril Sullivan, Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta / Rúnaí na Cuideachta i ndeireadh mí Mheán Fómhair 2017. Ball foirne inmheánach a líon an post ar bhonn gníomhach ó Mheán Fómhair 2017 go Mheán Fómhair 2018. I ndiaidh feachtas earcaíochta ceapadh Noreen Fahy, Uas., mar Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide agus chuaigh sí i mbun a phoist ar an 19 Samhain 2018.

Chuaigh Christine McNally, Ceann Acmhainní Daonna, ar scor óna post i mí Aibreáin 2018. I ndiaidh feachtas earcaíochta ceapadh Katherina McCaul, Uas., mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus mar Rúnaí Cuideachta. Rinne Ard-Stiúrthóir an Fhorais maoirseacht ar fheidhm na nAcmhainní Daonna idir an dá linn.

**Nochtuithe a éilítear mar thoradh ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* ("an Cód") mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 comhlíonta ag an bhForas. Ní mór na rudaí seo a leanas a nochtadh de réir an Chóid:

**Miondealú ar Shochair Ghearr-théarma Fostaithe**

Nochtar sochair ghearr-théarma fostaithe atá níos airde na €60,000 anseo thíos. Nóta: Chun críocha an nochta seo áirítear iad seo a leanas ar shochair ghearr-théarma fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil sa tréimhse tuairiscithe: tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, seachas ÁSPC.

| BANDA TUARASTAIL (€) 2018 | LÍON FOIRNE | BANDA TUARASTAIL (€) 2017 | LÍON FOIRNE |
|---|---|---|---|
| 60,000 - 69,999 | 1 | 60,000 - 69,999 | - |
| 70,000 - 79,999 | 1 | 70,000 - 79,999 | 3 |
| 80,000 - 89,999 | 13 | 80,000 - 89,999 | 22 |
| 90,000 - 99,999 | 9 | 90,000 - 99,999 | 1 |
| 100,000 - 109,999 | 3 | 100,000 - 109,999 | 2 |
| 110,000 - 119,999 | - | 110,000 - 119,999 | - |
| 120,000 - 129,999 | - | 120,000 - 129,999 | - |
| 130,000 - 139,999 | - | 130,000 - 139,999 | 1 |
| 140,000 - 149,999 | 1 | 140,000 - 149,999 | 1 |
| 150,000 - 159,999 | 1 | 150,000 - 159,999 | - |

**Costais Chomhairleoireachta**

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle seachtraí ar an mbainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách' seachfhoinsithe orthu.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Comhairle Dlí | 18,384 | 11,103 |
| Comhairle Airgeadais/Achtúireach | - | - |
| Caidreamh Poiblí/margaíocht | - | - |
| Acmhainní Daonna | 20,294 | 23,351 |
| Feabhsú Gnó | 1,939 | 21,203 |
| Eile | - | - |
| **Iomlán na gcostas comhairleoireachta** | **40,617** | **55,657** |

Níor caipitlíodh aon chostais chomhairleoireachta.

**Costais Dlí agus Glanadh**

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána maidir le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear air seo caiteachas a tabhaítear maidir le gnáth-chomhairle dlí a fuarthas ón bhForas Riaracháin agus a nochtar i gCostais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí | - | - |
| Íocaíochtaí Comhréitigh agus Eadráin | - | - |
| Glanadh | 100,000 | - |
| **Iomlán** | **100,000** | **-** |

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

Cuirtear caiteachas taistil agus cothaithe sna catagóirí seo a leanas:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Baile | | |
| • Bord | - | - |
| • Fostaithe | 98,556 | 90,295 |
| Idirnáisiúnta | | |
| • Bord | - | - |
| • Fostaithe | 39,629 | 58,143 |
| **Iomlán** | **138,185** | **148,438** |

**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas Foirne | 4,267 | 26,638 |
| Fáilteachas Cliaint | - | - |
| **Iomlán** | **4,267** | **26,638** |

**Ráiteas Comhaill**

Tá riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* mar atá siad foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhlíonta ag an bhForas den chuid is mó sa mhéid agus ab fhéidir de bharr cineáil uathúil an Fhorais Riaracháin. I Ráithe 4 de 2018 rinne an Bord maoirseacht ar fhorbairt Lámhleabhar Rialachais an Fhorais agus ghlac leis ina dhiaidh sin. Comhlíonann an Lámhleabhar an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.* Leanfaidh Bord an Fhorais Riaracháin air ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm an Lámhleabhair Rialachais ar feadh 2019 ar fad. Féach ar an gcuid faoi Sholáthar sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Is deimhin leis an mBord go bhfuil an leibhéal comhaill maidir leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016* amhail deireadh na bliana, an 31 Nollaig 2018, sásúil, le haird chuí ar an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Samhna 2017.

**Thar ceann an Bhoird**

Martin O'Halloran

__________________________________

**Martin O'Halloran**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

## Raon Freagrachta

Thar ceann an Fhorais Riaracháin admhaím go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Leis an bhfreagracht seo glactar san áireamh riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, (2016).* Agus an ráiteas seo á ullmhú aige d'fhéach an Bord ar shocruithe ráthaíochta agus ar an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## Cuspóir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal is féidir a sheasamh seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin ní féidir leis an gCóras ach cinnteacht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó go n-aimsítear iad go tráthúil. Bhí an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag teacht le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa bhForas Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## Acmhainn chun Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an bhForas ar a bhfuil seisear ball Boird agus lena n-áirítear baill ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2018. Lena chois sin chuir an Foras feidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bun a bhfuil acmhainní cuí aici agus a reáchtálann clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá beartas um bhainistiú riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca agus a chuid próiseas bainistithe riosca. Lena chois sin mionsonraítear na róil agus freagrachtaí foirne maidir le riosca. Sa bheartas seo glactar san áireamh torthaí ar Thuairisc Iniúchóireachta inmheánaí a rinneadh le déanaí mar aon le torthaí maidir le creatlach bainistithe riosca an Fhorais.

I ráithe 1 2018 scaipeadh an beartas ar gach ball foirne a bhfuiltear ag súil uathu go mbeidh siad ag obair laistigh de bheartais bhainistithe riosca an Fhorais chun aird na bainistíochta a dhíriú ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go mbeidh siad ag glacadh freagrachta as rioscaí agus rialúcháin laistigh dá réimse oibre féin.

I mí na Samhna 2018 ceapadh an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide mar Phríomhoifigeach Riosca.

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Aithníonn córas bainistithe riosca an Fhorais Riaracháin príomh-rioscaí agus tuairiscíonn sé iad, mar aon leis na bearta bainistíochta a ghlactar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, sa mhéid is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár riosca déanta lena n-aithnítear príomh-rioscaí atá os comhair an Fhorais agus tá siad siúd aitheanta, meastа agus grádaithe de réir a suntasachta. Mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea an clár agus déantar athbhreithniú air ag gach cruinniú. Baintear úsáid as torthaí na meastachán seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go mbainistítear rioscaí ag leibhéal cuí.

Sa clár rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú, mar aon leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith. Deimhníonn an Bord go bhfuil timpeallacht rialaithe ann a chuimsíonn na míreanna seo a leanas:

- Tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh príomh-phróisis ghnó. Déanann an ARC maoirseacht go mbeirtear isteach athbhreithnithe beartais in iniúchtaí inmheánacha ar leith atá san áireamh sa phlean straitéiseach um iniúchóireacht inmheánach.
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta in éineacht le cuntasacht dá réir.
- Tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann agus tá an bhainistíocht shinsearach ag coinneáil súile air.
- Tá athbhreithniú déanta ar na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus láidríodh iad. Cuireadh torthaí ar iniúchóireacht inmheánach ar Rialúcháin Ghinearálta TF a rinneadh in 2017 i ngníomh le linn 2018.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireachta ar phróisis rialuithe curtha ar bun agus cuirtear easpaí rialuithe aitheanta in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartúcháin a ghlacadh agus don mbainistíocht agus don mBord, má bhaineann, go tráthúil. Deimhníonn an Bord go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas ann:

- Tá na príomh-rioscaí agus rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus chun easpaí ar bith a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta.
- Déanann baill den bhainistíocht shinsearach athbhreithithe go rialta ar fheidhmíocht bhliantúil agus ar thuairiscí feidhmíochta bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

## Soláthar

Deimhníonn an Bord go bhfuil an Foras ag infheistiú i bhfeabhsú a chuid nósanna imeachta ceannaithe, ní hamháin d'fhonn a chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirlínte ceannaithe reatha ach d'fhonn tacú le ceannach barrchleachtais ar a mbeidh torthaí maidir le breisluach airgid. Tarraingítear aird ar ghnóthaí maidir le rialuithe ar sholáthar faoi cheisteanna i dtaobh rialú inmheánach thíos.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an bhForas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta um bhainistiú agus rialú riosca. Is í obair na n-iniúchóirí, idir inmheánach agus sheachtrach, obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre siúd, agus na foirne bainistíochta sinsearaí laistigh den bhForas atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata um rialú airgeadais, is iad atá mar bhonn eolais ag an monatóireacht ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a dhéanann an Foras.

Is féidir leis an mBord deimhniú go ndearna sé maoirseacht ar an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach i gcomhair 2018 agus rinneadh an t-aschur a mheas ag cruinniú an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 27 Feabhra 2019 agus ag cruinniú Boird ina dhiaidh sin ar an 15 Márta 2019. Tacaíodh leis seo trí thuairisc chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar shocruithe ráthaíochta agus ag an athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

## Saincheisteanna ar Rialú Inmheánach

<u>Soláthar Neamhchomhlíontach</u>
Deimhníonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta ag an bhForas chun a chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha soláthair. In Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais 2018 aithníodh caiteachas soláthair neamhchomhlíontach dar luach €483 míle lena n-áirítear (2017: €527 míle) lena n-áirítear:

- Conradh bainistíocht áiseanna dar luach €207 míle a cuireadh ar athlá. Tá sé i gceist tairiscintí a lorg don gconradh seo i Ráithe 4 de 2019.
- Comhpháirtíocht straitéiseach chun cláir chreidiúnaithe a sheachadadh €231 míle. Fógraíodh comórtas tairisceana don obair seo i Ráithe 1 2019 agus tá sí comhlíontach ag an bpointe seo.
- Costais earcaíochta foirne €8 míle.
- Suiteáil aláram dóiteáin €37 míle.

Tá bearta á nglacadh ag an mBord chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha soláthair ina n-iomláine. Áirítear air seo:

- Athbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair agus ar chomhlíonadh trí iniúchadh inmheánach i Ráithe 4 2018.
- An Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide a ainmniú mar Phríomhoifigeach Soláthair, Samhain 2018

Tús a chur le próisis soláthair iomaíocha maidir le príomhchonarthaí agus conarthaí a dhéanamh le seirbhísí comhairleoireachta speisialtóra um sholáthar chun tacú leis an bhForas agus leis an bPríomhoifigeach Soláthair chun feidhm soláthair a chomhlíonann a cuspóir agus a bhfuil gach acmhainn riachtanach aici. Soláthraíodh na seirbhísí seo tríd an gCreat OGP le haghaidh seirbhísí Soláthair i Ráithe 1 2019.

Is deimhin leis an mBord go gcinnteofar leis na bearta a glacadh go gcomhlíonfar na rialacha maidir le soláthar.

**Thar ceann an Bhoird**

| | |
|---|---|
| ______________________________ | ______________________________ |
| **Martin O'Halloran** | **An Dr Marian O'Sullivan** |
| **Cathaoirleach** | **Ard-Stiúrthóir** |
| **Dáta: 18 Meán Fómhair 2019** | **Dáta: 18 Meán Fómhair 2019** |

**Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

**An Foras Riaracháin (Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin (Cuid. Faoi Theor. Ráth.) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi fhorálacha cuid 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar staid airgeadais, an ráiteas ar athruithe ar chothromas, an ráiteas ar shreabhaí airgid agus na nótaí a ghabhann leo mar aon le hachoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is í mo thuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

- Go dtugtar iontu léargas fíor cruinn ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a hioncam agus a caiteachas i gcomhair 2018
- Gur ullmhaíodh go cuí de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann* iad agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

***Bunús tuairime***

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta mar atá craobhscaoilte ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaracha. Tá cur-síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo ar fáil in aguisín leis an tuairisc seo. Tá mise neamhspleách ar an gcuideachta agus tá mo chuid freagrachtaí ó thaobh eitice de comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Is í mo thuairim gur leordhóthanach agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús tuairime a sholáthar.

***Tátail maidir le gnóthas leantach***

Faoi mar atá cur-síos déanta san aguisín leis an tuairisc seo is é seo a leanas mo mheasúnú deiridh

- gur oiriúnach é bunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a bheith á úsáid ag na stiúrthóirí agus
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht shuntasach ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

***Tuairimí ar ghnóthaí atá ordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014***

Gan a bheith mar bhunús agam ach an obair atá déanta agam i gcaitheamh an iniúchta, tuairiscím go bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais, agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Fuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun a chur ar mo chumas iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais a dhéanamh go héasca go cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Lena chois sin tá orm, de réir Acht na gCuideachtaí 2014, tuairisciú mura bhfuil, i mo thuairim, na nochtuithe ar luach saothair agus aistrithe na stiúrthóirí a éilítear i gcodanna 305 go 312 den Acht déanta. Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus gnóthaí eile

Tá faisnéis eile áirithe curtha i láthair ag na stiúrthóirí i dteannta na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear tuairisc na stiúrthóirí, an ráiteas ar rialachas inmheánach agus ráiteas freagrachta na stiúrthóirí. Tá cur-síos ar mo chuid freagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis sin agus maidir le gnóthaí áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu, ar fáil san aguisín leis an tuairisc seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina thaobh seo.

Andrew Harkness

**Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
20 **Meán Fómhair 2019**

**Aguisín leis an tuairisc**

**Freagrachtaí na Stiúrthóirí**

Mar a sonraítear i dtuairisc na stiúrthóirí tá na stiúrthóirí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá ordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom de réir FRS102 sna ráitis airgeadais
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu an oiriúnach nó nach oiriúnach é bunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach siúd a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú na ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, is cuma an de dheasca calaoise nó earráide, a éascú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta faoi Chuid 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam cinnteacht réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais san iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard cinnteachta í cinnteacht réasúnach ach ní ráthaíocht í go nochtfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh míráiteas ábhartha i gcónaí más ann dó. Féadann míráitis teacht chun cinn mar thoradh ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnach go rachaidís i bhfeidhm, ina aonair nó san iomlán, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráitis airgeadais seo.
Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta cleachtaim breithiúnas proifisiúnta agus coinním sceipteachas proifisiúnta ar fud an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam,

- Aithním rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais agus déanaim measúnú orthu, is cuma an de dheasca calaoise nó earráide. Leagaim amach agus cuirim i gcrích nósanna imeachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús tuairime a sholáthar. Is mó an riosca nach n-aimseofaí míráiteas ábhartha de dheasca calaoise ná míráiteas ábhartha de dheasca earráide mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh d'aon ghnó, bréagléiriú nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist.
- Faighm tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach sna cúinsí, ní d'fhonn tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus ar nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim cinneadh maidir le cé acu an oiriúnach nó nach oiriúnach é bunús gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise a fuarthas, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht shuntasach ann a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann tá orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe a bhaineann leis sna ráitis airgeadais, é sin nó, mura bhfuil na nochtuithe leordhóthanach, tá orm mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid cinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta go thuairisce. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais amach anseo a bheith ina gcúis le deireadh a bheith leis an gcuideachta a bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur-i-láthair, struchtúr agus ábhar na ráitis airgeadais ar an iomlán, na nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha ar shlí a chuireann i láthair iad go cothrom cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram rialachais orthu maidir leis an raon feidhme agus uainiú atá beartaithe don iniúchadh agus maidir le cinntí suntasacha an iniúchta i measc rudaí eile, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

**Ábhar eile seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais faisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim cinneadh dearbhaithe ina taobh siúd.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasóireachta, an fhaisnéis eile a chuirtear os mo chomhair a léamh, agus arna dhéanamh sin dom, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn m'iniúchta, nó i gcás gur cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile seo, tá sé de cheangal orm é sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Déanaimse m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le Comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má aithním aon chúrsaí ábhartha a bhaineann leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaimse le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn m'iniúchta. Tuairiscím má aithním ásc ábhartha ar bith nár úsáideadh airgead poiblí chun na críocha a raibh sé beartaithe dóibh nó nach raibh idirbhearta déanta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu.

**AN FORAS RIARACHÁIN**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 2 | 9,878,248 | 9,452,326 |
| Díol Foilseacháin | 3 | 324,604 | 297,099 |
| Síntiúisí | | 281,333 | 254,936 |
| Deontas ón Oireachtas | 4 | 2,629,000 | 2,629,000 |
| Amúchadh an Deontais Chaipitil | 14 | 149,823 | 149,823 |
| | | 13,263,008 | 12,783,184 |
| **Caiteachas Oibriúcháin** | | | |
| Costais Dhíreacha | 6 | 3,172,827 | 3,039,270 |
| Costais Tuarastail | 7(b) | 6,113,116 | 6,001,472 |
| Caiteachas Riaracháin | 8 | 2,202,291 | 1,854,978 |
| Ús iníoctha agus a leithéid de mhuirir | | 15,662 | 27,009 |
| Costais Sochar Scoir | 19(b) | 1,639,849 | 1,444,871 |
| | | 13,143,745 | 12,367,600 |
| **Barrachas (Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain** | | **119,263** | **415,584** |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha amhail an dáta tuairiscithe. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

**Thar ceann an Bhoird**

**Martin O'Halloran**
**Cathaoirleach**

**Carolyn Gormley**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**AN FORAS RIARACHÁIN**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

**RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH**
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| (Easnamh)/Barrachas tar éis Ranníocaíochta an Státchiste | 119,263 | 415,584 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) eispéiris ar Oibleagáidí Sochar Scoir | 861,000 | 1,771,000 |
| Athrú ar Thoimhdí atá mar bhonn ag Luach Reatha na nOibleagáidí Sochar Scoir | 1,560 | 8,000 |
| **Iomlán Gnóthachain/(Caillteanas) Achtúireach sa Bhliain** | 862,560 | (1,763,000) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir | (862,560) | 1,763,000 |
| **Iomlán Ioncaim/(Caillteanais) Chuimsithigh** | **119,263** | **415,584** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

**Thar ceann an Bhoird**

Martin O'Halloran

**Martin O'Halloran**
**Cathaoirleach**

Carolyn Gormley

**Carolyn Gormley**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS**
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

### MAIDIR LEIS AN BHLIAIN REATHA

| | Caipitil Cúlchiste | Cúlchiste Ioncaim | Barrachas Carntha ar Ioncam agus Caiteachas | Deontais Chaipitil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Amhail 1 Eanáir 2018** | **9,352,539** | **2,409,009** | **1,485,100** | **363,668** | **13,610,316** |
| Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil | 268,283 | (268,283) | - | - | - |
| Amúchadh an Deontais Chaipitil | - | - | - | (149,823) | (149,823) |
| Barrachas ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | - | - | 119,263 | - | 119,263 |
| **Amhail 31 Nollaig 2018** | **9,620,822** | **2,140,726** | **1,604,363** | **213,845** | **13,579,756** |

### MAIDIR LEIS AN MBLIAIN ROIMHE

| | Caipitil Cúlchiste | Cúlchiste Ioncaim | Barrachas Carntha ar Ioncam agus Caiteachas | Deontais Chaipitil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Amhail 1 Eanáir 2017** | **9,086,032** | **2,675,516** | **1,069,516** | **513,491** | **13,344,555** |
| Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil | 266,507 | (266,507) | - | - | - |
| Amúchadh an Deontais Chaipitil | - | - | - | (149,823) | (149,823) |
| Barrachas ar Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | - | - | 415,584 | - | 415,584 |
| **Amhail 31 Nollaig 2017** | **9,352,539** | **2,409,009** | **1,485,100** | **363,668** | **13,610,316** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

**Thar ceann an Bhoird**

**Martin O'Halloran**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**Carolyn Gormley**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**AN FORAS RIARACHÁIN**
**(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)**

## RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS
**Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní nach sócmhainní reatha iad** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh | **10** | 14,207,353 | 14,704,425 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardal | **9** | 107,321 | 88,006 |
| Infhháltais | **11** | 1,544,420 | 1,292,274 |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis | | 4,829,475 | 4,686,612 |
| | | 6,481,216 | 6,066,892 |
| **Cuntais Iníoctha** | | | |
| Méideanna a bheidh dlite laistigh de Bhliain Amháin | **12** | (5,236,370) | (5,018,501) |
| **Glanshócmhainní Reatha** | | 1,244,846 | 1,048,391 |
| Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha | | 15,452,199 | 15,752,816 |
| **Cuntais Iníoctha** | | | |
| Méideanna a bheidh dlite tar éis Bliana Amháin | **13** | (1,872,443) | (2,142,500) |
| Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais | | 13,579,756 | 13,610,316 |
| Oibleagáid Sochar Scoir Fhadtéarma | **19(a)** | (60,865,000) | (62,981,000) |
| Sócmhainn Sochar Scoir iarchurtha | **19(a)** | 60,865,000 | 62,981,000 |
| **Glanshócmhainní** | | **13,579,756** | **13,610,316** |
| **Ag Ionadú** | | | |
| Cúlchistí Caipitil & Ioncaim | | 11,761,548 | 11,761,548 |
| Barrachas carntha ar Chuntas Ioncaim & Caiteachais | | 1,604,363 | 1,485,100 |
| Deontais Chaipitil | **14** | 213,845 | 363,668 |
| | | **13,579,756** | **13,610,316** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

**Thar ceann an Bhoird**

**Martin O'Halloran**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

**Carolyn Gormley**
**Stiúrthóir**

**Dáta: 18 Meán Fómhair 2019**

AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS SREAFAÍ AIRGID
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **GLANSREAFAÍ AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | 119,263 | 415,584 |
| (Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin tar éis Ranníocaíochta an Státchiste | 14,768 | 27,009 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | 674,285 | 677,089 |
| Ús Iníoctha | 2,692 | - |
| Dímheas | (149,823) | (149,823) |
| Caillteanas ar Shócmhainní Seasta | (19,315) | (6,195) |
| Amúchadh Deontas | (252,146) | 429,475 |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhardail | 217,869 | 662,875 |
| (Méadú)/Laghdú ar chuntais infhála | | |
| Méadú/(Laghdú) ar chuntais iníoctha | | |
| **Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **607,593** | **2,056,014** |
| | | |
| **SREAFAÍ AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE** | | |
| Íocaíochtaí i ndáil le Maoin, Gléasra & Trealamh | (179,904) | (357,371) |
| **Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | 427,689 | 1,698,643 |
| | | |
| **SREAFAÍ AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE** | | |
| Ús Íoctha | (14,768) | (27,009) |
| Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 bliain | (270,058) | (266,507) |
| **Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe** | (284,826) | (293,516) |
| | | |
| **Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus a Choibhéis** | 142,863 | 1,405,127 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21.

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bonn na cuntasaíochta agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha a bhfuil glactha leo ag an bhForas leagtha amach anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad go léir le linn na bliana agus na bliana roimhe.

**(a) Eolas Ginearálta**

Cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, gan chaipiteal scaireanna, arna chorprú i bPoblacht na hÉireann. Is é an Oifig Chláraithe 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, agus is é seo príomháit ghnó na cuideachta chomh maith.

Is é príomhchuspóir an Fhorais de réir mar atá leagtha amach ina Meamram agus Airteagail Chomhlachais ná an t-oideachas a chur chun cinn, scoláireacht a chur ar aghaidh agus cumais a chothú i riarachán poiblí agus bainistíocht d'fhonn seirbhísí poiblí a fheabhsú.

**(b) Ráiteas Comhaill**

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Fhoras Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann' atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar atá craobhscaoilte ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais na cuideachta.

**(c) Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoin chomhghnás costais stairiúil ach amháin maidir le sócmhainní agus dliteanais áirithe a mheastar ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais i bhfoirm atá faofa faoi Achtanna na gCuideachtaí agus na bprionsabal ábhartha a nglactar go ginearálta leo. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais an Fhoras Riaracháin.

**(i) Ioncam (Seachas Deontas ón Oireachtas)**

Tá ioncam san áireamh ar bhonn infhaighte. Cuirtear táillí cúrsa san áireamh in ioncam táillí agus tugtar isteach in ioncam iad le linn tréimhse an chúrsa.

**(ii) Deontas ón Oireachtas**

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin is ea deontais ón Oireachtas. Aithnítear iad ar bhonn fáltas airgid tirim.

**(iii) Deontais Chaipitil**

Cuirtear deontais i leith caiteachas caipitil chun sochair d'ioncam iarchurtha agus scaoiltear leo chuig Caipitil agus Cúlchistí agus scaoiltear iad chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré úsáideach mheasta na sócmhainní lena mbaineann, i ranníocaíochtaí bliantúla cothroma.

**(iv) Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh agus Dímheas**

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh, foirgnimh san áireamh, ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Cuirtear gach sócmhainn sheasta inláimhsithe i dtaifead ag a costas stairiúil ar dtús. Áirítear air seo táillí dlí, dleacht stampála agus cánacha ceannaigh eile nach bhfuil inaisíoctha. Lena chois sin áirítear air costais ar bith atá inchurtha i leith an sócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an bhail atá riachtanach chun gur féidir leis oibriú sa tslí atá beartaithe ag an bhfoireann bainistíochta. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar a leithéid costais ullmhú suímh, seachadadh tosaigh agus láimhseáil, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmíochta.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe seachas talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide a luach measta iarmharach, go córasach thar a saolré úsáideach mheasta de réir méid chothroim, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 2% De réir méid chothroim |
| Áitribh ar léas | 2% De réir méid chothroim |
| Troscán & Feistis | 5% De réir méid chothroim |
| Trealamh | 10% De réir méid chothroim |
| Leabhair Leabharlainne | 20% Iarmhéid laghdaitheach |
| Innill oifige | 25% De réir méid chothroim |
| Foirgnimh réamhdhéanta | 33.3% De réir méid chothroim |

Tosaíonn dímheas sa bhliain ina gcuirtear tús le húsáid na sócmhainne.

**(v) Fardal**

Luaitear fardail ag an luach níos ísle den luach costais agus glanluach inréadaithe agus an modh is túisce isteach is túisce amach. Tá glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolta lúide costais a mheastar go dtabhófar iad go dtí go bhfuil sé críochnaithe agus diúscartaithe. Déantar soláthar más gá, d'fhardal atá as dáta agus atá ag aistriú go mall.

**(vi) Infháltais**

Cuirtear infháltais i dtaifead ag an bpraghas idirbhirt i dtosach. Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar ar leith do mhéideanna ar bith a mheastar a mbailiúchán a bheith in amhras.

**(vii) Costais Sochar Scoir**

Tá scéim sochar scoir shainithe i bhfeidhm do gach fostaí an Fhoras Riaracháin mar is cuí. Faoi fhorálacha an Achta um Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 aistríodh sócmhainní ciste scoir an Fhorais a measadh ag luach cóir, chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010. Tá an scéim shochar scoir i bhfeidhm i gcónaí do bhaill reatha gan aon tionchar a imirt ar na sochair nó ar sholáthar breise atá ann do na baill.

De bhreis air seo tá Scéim Phinsin Shingil Seirbhísí Poiblí (Scéim Shingil) á hoibriú ag an bhForas ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí baill na Scéime Singil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Meastar dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach tríd an modh aonad réamh-mheasta a úsáid agus léiríonn siad luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. De réir na socruithe um mhaoiniú pinsean aithnítear sócmhainn arb ionann é ó thaobh méid de leis an dliteanas seo agus léiríonn sé seo na méideanna atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

I muirear an sochar scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais cuimsítear rannchuidiú an Fhorais atá le n-íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistrithe de réir na socruithe maoinithe. Ní íocann an Foras ranníocaíocht phinsin fhostóra maidir le foireann na Scéime Aonair. Tá an Foras ag feitheamh ar fhaomhadh foirmiúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tar éis aistriú sócmhainní na scéime maoiníonn an Státchiste an Foras ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear chun costais na bpinsean a sheasamh de réir mar a thagann siad chun cinn.

**(viii) Cáin**

Tá teideal chuig díolúine ó cháin ag an gcuideachta faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is í CHY 5401 an uimhir chlárúcháin charthanais agus is í 2008031 an Uimhir Rialúchán Charthanas. Dá réir sin níor cuireadh muirear cánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018.

**(ix) Airgead Tirim agus a Choibhéis**

Is é atá i gceist le hairgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí ar iarratas. Is é atá i gceist le coibhéisí airgid tirim ná infheistíochtaí gearrthéarma fíor-leachtacha atá in-chomhshóite go héasca ina méideanna airgid tirim atá ar eolas agus a bhfuil an riosca go n-athródh a luach neamhshuntasach.

**(x) Iasachtaí**

Fuair an chuideachta iasacht 20 bliana dar luach €5 milliún, arna hurrú trí mhorgáiste ar a háitreabh i mBóthar Lansdún (tá 8 mbliain fágtha). Is é an ráta úis a ghearrtar ná Euribor + 0.5%. De réir mar a éilíonn FRS 102, aithnítear luach na hiasachta agus costas úis tríd an modh ráta úis éifeachtaigh a úsáid.

**(xi) Dliteanais Airgeadais eile**

Meastar cuntais iníoctha thrádála ag praghas an tsonraisc ach amháin má tá an íocaíocht iarchurtha laistiar de ghnáth-théarmaí gnó nó má airgeadaítear ag ráta úis é nach ráta margaigh é. Sa chás seo is é idirbheart airgeadais atá sa socrú
agus meastar an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ag ráta úis margaidh a ghearrtar ar ionstraim fiachais rialtais dá shórt.

**(xii) Caipiteal agus Cúlchistí**

Is é atá i gcúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais ná cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim agus cúlchiste barrachais charnaigh ar ioncam agus caiteachas. Coinnítear an cúlchiste caipitil chun forbairt bonneagar foirgnimh an Fhorais a mhaoiniú. Leis an gcúlchiste ioncaim freastalaítear ar phríomhaí ar an áis fiachas morgáiste fadtéarma, agus úsáidtear an cúlchiste barrachais charnaigh chun gníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha a mhaoiniú.

**(xiii) Breithiúnais agus Príomhfhoinsí Neamhchinnteacht Meastacháin**

Chun na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú tá gá le bainistíocht chun breithiúnais, meastacháin agus foshuímh a dhéanamh a dhéanann difríocht do bheartais agus do mhéideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheasúnú an t-am ar fad agus bunaítear iad ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile lena n-áirítear ionchais maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí.

Déanann an chuideachta meastacháin agus foshuímh faoin am atá romhainn. Is annamh, faoi mar a thuigfeá, gurb ionann na meastacháin chuntasaíochta a bhíonn mar thoradh air seo agus na torthaí bainteacha iarbhír. Measann na stiúrthóirí gur meastacháin agus breithiúnais rí-thábhachtacha iad na meastacháin agus na foshuímh chuntasaíochta thíos:

**(xiv) Gnóthas Leantach**

Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag na stiúrthóirí i gcomhair tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na Ráitis Airgeadais a thaispeánann nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta freastal ar a cuid dliteanais ar fad de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo measann na stiúrthóirí gur cuí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin níl aon choigeartaithe sna Ráitis Airgeadais seo ar na suimeanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mba rud é nach bhféadfadh an chuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

## (xv) Bearnúchán Infháltas Trádála

Bíonn an chuideachta ag trádáil le líon mór custaiméirí éagsúla ar théarmaí creidmheasa. Tá fiachais áirithe nach n-íocfar mar thoradh ar mhainneachtain líon beag custaiméirí. Úsáideann an chuideachta meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar eolas reatha agus leibhéal na bhfiachas a dheimhniú a bhfuil muirear bearnúcháin ag teastáil ina leith. Déantar an leibhéal bearnúcháin riachtanach a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

## (xvi) Bearnúchán Fardail

Is í tuairim na stiúrthóirí gur gearradh muirear cuí chun a léiriú go bhféadfaí fardal a dhíol ar phraghas níos lú ná an costas. Tá an meastachán faoi réir neamhchinnteacht bhunúsach áfach.

## (xvii) Saolré úsáideach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Is cuid shuntasach d'iomlán na sócmhainní iad sócmhainní fadsaoil ina n-áirítear go príomha talamh agus foirgnimh, meaisíní oifige agus troscán. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go mór mór ar shaolréanna measta gach cineáil sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin luachanna iarmhartacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú go rialta ar na saolréanna úsáideacha agus athraíonn siad iad más gá, chun na cúinsí reatha a léiriú. Agus na saolréanna úsáideacha á ndeimhniú acu breathnaíonn na bainisteoirí athrú teicneolaíochta, pátrúin chaithimh, riocht fisiceach agus úsáid eacnamaíoch mheasta na sócmhainní. D'fhéadfadh athrú ar an saolré úsáideach tionchar nach beag a imirt ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

## 2. IONCAM Ó THÁILLÍ

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Oiliúint | 4,550,674 | 3,864,005 |
| Oideachas | 4,979,039 | 5,203,790 |
| Taighde | 348,535 | 384,531 |
| | 9,878,248 | 9,452,326 |

## 3. DÍOL FOILSEACHÁN

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ioncam as Foilseacháin an Fhorais | 324,604 | 297,099 |

## 4. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

Fuarthas €2,725,000 (2017: €2,725,000) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Míníodh €96,000 den mhéid sin trí Shuibscríbhinní agus is deontas é €2,629,000. Is é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta Uimh. 11, Fotheid. B.3) a chuireann an deontas ar fáil i leith dliteanas faoi chaiteachas neamhphá ginearálta agus tarraingíonn an Foras anuas é ar bhonn bliantúil.

## 5. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaitear an barrachas oibriúcháin tar éis iad seo a leanas a chur chun dochair (nó chun sochair):

(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní íoctar aon táillí le baill Bhoird an Fhoras Riaracháin. Cé nach dtaistealaíonn baill an Bhoird chun críocha gnó oifigiúil mar bhaill den bhForas tá teideal acu chun costais taistil agus cothabháil a éileamh as freastal ar chruinnithe boird agus fochoiste. Maidir le 2018, níor éiligh aon bhall den Bhord aon speansais.

(b) Íocaíocht Phríomh-phearsanra Bainistíochta

**Ard-Stiúrthóir**

| | Ard-Stiúrthóir 2018 (€) | Ard-Stiúrthóir 2017 (€) |
|---|---|---|
| Tuarastal | 138,543 | 133,698 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,798 | 13,108 |
| Ranníocaíocht Phinsin | 47,936 | 46,260 |
| Caiteachas Taistil agus Cothaithe | 5,935 | 7,082 |

**An Grúpa Bainistíochta Sinsearach**

Is iad na daoine atá sa Ghrúpa Bainistíochta Sinsearach an tArd-Stiúrthóir Cúnta, an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide, an Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna, na Stiúrthóirí um Oiliúint agus Comhairleoireacht agus an Stiúrthóir Taighde agus Foilsitheoireachta.

| | Gr. Bainis. Sin. 2018 (€) | Gr. Bainis. Sin. 2017 (€) |
|---|---|---|
| Tuarastal | 596,316 | 634,833 |
| Liúntais | - | - |
| Sochair Foirceanta | - | - |
| Árachas Sláinte | - | - |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Luach Saothair an Iniúchóra | 21,000 | 18,000 |
| (d) Dímheas (Glan de dhiúscairtí) | 674,039 | 677,089 |
| (e) Ús iníoctha ar shuimeanna a Chaithfear a íoc ar ais thar tréimhse níos mó ná cúig bliana | 14,768 | 27,009 |
| (f) Deontas Caipitil Amúchta | (149,823) | (149,823) |

## 6. ANAILÍS AR CHOSTAIS DÍREACHA

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Oiliúint | 1,194,883 | 1,065,021 |
| Oideachas | 1,689,743 | 1,757,758 |
| Foilseacháin | 207,546 | 135,955 |
| Taighde | 66,193 | 58,530 |
| Ginearálta | 14,462 | 22,007 |
| | 3,172,827 | 3,039,270 |

## 7. EOLAS FAOI FHOSTAITHE

(a) Tugtar anailís ar mheánlíon na bhfostaithe buana sa chuideachta i gcaitheamh na bliana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh, anseo thíos.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Oiliúint | 27 | 26 |
| Oideachas | 30 | 27 |
| Foilseacháin | 5 | 5 |
| Taighde | 3 | 4 |
| Ginearálta | 22 | 22 |
| | 87 | 84 |

(b) Cuimsíonn costais tuarastail maidir leis na fostaithe go léir:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 4,704,737 | 4,531,985 |
| Foireann chomhlach | 768,547 | 839,429 |
| Costais Árachais Shóisialta | 575,727 | 565,953 |
| Plean Leanúnachas Ioncaim | 64,105 | 64,105 |
| | 6,113,116 | 6,001,472 |

Caitheadh leis na méideanna uile a luaitear thuas mar chaiteachas na cuideachta sa bhliain airgeadais. Níor caipitlíodh aon mhéid chuig na sócmhainní.

Asbhaineadh €258,090 (2017: €245,228) maidir le pinsean agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar iasacht. Ós rud é go ndéantar méideanna tuarastail na mball foirne ar iasacht a aisghabháil ina n-iomláine níl na méideanna tuarastail €297,846 (2017: €306,323) a bhaineann le hiasacht, san áireamh.

Baineann baill foirne an Fhorais a ceapadh roimh 2015 leas as Scéim Leanúnachas Ioncaim. Ní cháilíonn baill foirne a ceapadh tar éis 2015 i gcomhair na scéime.

(c) Sa áireamh sa mhuirear Tuarastail agus Pá €4.7 milliún tá €63,050 (ús agus fíneálacha €8,974 san áireamh) ar socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim é maidir le gearríocaíocht MSU agus ÁSPC.

## 8. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deisithe, glanadh, cothabháil | 570,009 | 329,642 |
| Dímheas | 674,285 | 677,089 |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairtí | 2,692 | - |
| Stáiseanóireacht agus fótachóipeáil | 169,576 | 167,757 |
| Solas, Teas agus Fón | 141,534 | 145,879 |
| Postas | 77,880 | 70,026 |
| Árachas | 36,408 | 27,951 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 177,874 | 130,899 |
| Forbairt Foirne | 129,923 | 133,751 |
| Ginearálta | 222,110 | 171,984 |
| | 2,202,291 | 1,854,978 |

## 9. FARDAL

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Stáiseanóireacht agus leabhair | 107,321 | 88,006 |

Níl aon fhardail curtha i ngeall mar urrús.

## 10. Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

### MAIDIR LEIS AN BHLIAIN REATHA

| | Talamh & Foirgnimh[(a)] | Innill oifige | Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **COSTAS** | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2018 | 20,607,256 | 1,668,342 | 2,269,385 | 24,544,983 |
| Breiseanna | - | - | 179,904 | 179,904 |
| Diúscairtí | - | (3,179) | (3,075) | (6,254) |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | 20,607,256 | 1,665,163 | 2,446,214 | 24,718,633 |
| **DÍMHEAS** | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2018 | 6,580,718 | 1,622,103 | 1,637,736 | 9,840,557 |
| Muirear don mBliain | 410,746 | 7,420 | 256,119 | 674,285 |
| Diúscairtí | - | (795) | (2,767) | (3,562) |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | 6,991,464 | 1,628,728 | 1,891,088 | 10,511,280 |
| **GLANLUACH NA LEABHAR** | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | **13,615,792** | **36,435** | **555,126** | **14,207,353** |
| Amhail 1 Eanáir 2018 | 14,026,538 | 46,239 | 631,649 | 14,704,426 |

### MAIDIR LEIS AN MBLIAIN ROIMHE

| | Talamh & Foirgnimh[(a)] | Innill oifige | Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| COSTAS | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2017 | 20,607,256 | 1,668,342 | 1,912,014 | 24,187,612 |
| Breiseanna | - | - | 357,371 | 357,371 |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | 20,607,256 | 1,668,342 | 2,269,385 | 24,544,983 |
| **DÍMHEAS** | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2017 | 6,170,353 | 1,614,524 | 1,378,591 | 9,163,468 |
| Muirear don mBliain | 410,365 | 7,579 | 259,145 | 677,089 |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | 6,580,718 | 1,622,103 | 1,637,736 | 9,840,557 |
| GLANLUACH NA LEABHAR | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2017 | **14,026,538** | **46,239** | **631,649** | **14,704,426** |
| Amhail 1 Eanáir 2017 | **14,436,903** | **53,818** | **533,423** | **15,024,144** |

**Nóta (a):** Sceideal Réadmhaoine agus an Cineál Sealúcháis

| | |
|---|---|
| 57-61 Bóthar Lansdún | Ruílse |
| 49-51 Bóthar Lansdún | Ruílse |
| 55 Bóthar Lansdún | Ruílse |

Halla Vergemount, Cluain Sceach Ceadúnas le hOifig na nOibreacha Poiblí le cíos ainmniúil

## 11. INFHÁLTAIS

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais trádála | 1,403,760 | 1,273,391 |
| Pinsin Státchiste(Nóta 19c) | 127,503 | 8,789 |
| Réamhíocaíochtaí & Infháltais eile | 13,157 | 10,094 |
| | 1,544,420 | 1,292,274 |

Luaitear Infháltais Trádála glan de sholáthar d'fhiacha amhrasacha €24,400 (2017: €24,400).

## 12. CUNTAIS INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iasachtaí Bainc | 268,283 | 266,507 |
| Cuntais Iníoctha trádála | 162,136 | 274,463 |
| Ioncam Táille Iarchurtha | 4,171,391 | 3,936,856 |
| Méideanna iníoctha agus fabhruithe Ilghnéitheacha | 394,587 | 318,983 |
| ÍMAT/ÁSPC | 239,973 | 221,692 |
| | 5,236,370 | 5,018,501 |

## 13. CUNTAIS INÍOCTHA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Áis €5m 20-Bliain ag Ráta athraitheach | 1,872,443 | 2,142,501 |

Tá an iasacht inaisíoctha i ranníocaíochtaí thar tréimhse 20 bliain. Tá 8 mbliana fágtha den tréimhse aisíoctha. Tá sé faoi réir ráta úis athraitheach atá bunaithe ar Euribor + 0.5%. Ba é 0.65% an meánráta úis ualaithe le linn na bliana airgeadais (2016: 0.65%). Tá gníomhais i leith Uimh. 55 Bóthar Lansdún á gcoinneáil ag an mbanc mar urrús ar an áis seo.

### 13a IASACHTAÍ BAINC

Tugtar anailís ar aibíocht na n-iasachtaí anseo thíos:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Laistigh de bhliain amháin | 268,283 | 266,507 |
| Laistigh de 2–5 bliana | 804,849 | 799,520 |
| Tar éis níos mó ná 5 bliana | 1,067,594 | 1,342,981 |
| | 2,140,726 | 2,409,008 |

## 14. DEONTAIS CHAIPITIL

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Amhail 1 Eanáir | 363,668 | 513,491 |
| Méid arna amúchadh sa bhliain | (149,823) | (149,823) |
| Amhail 31 Nollaig | 213,845 | 363,668 |

De réir an bheartais chuntasaíochta aithnítear deontais chaipitil tríd an tsamhail fhabhraithe a úsáid. Aithnítear na deontais seo a úsáidfear chun ionad oiliúna an Fhoras Riaracháin a cheannach thar saolré úsáideach na sócmhainní, is é sin, 20 bliain. Níl aon choinníollacha ná aon teagmhais neamhchomhlíonta ag gabháil leis na deontais seo.

## 15. RÉITEACH GLANSHREABHADH AIRGID LE GLUAISEACHT I nGLANFHIACHA

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méadú ar Airgead Tirim | 142,863 | 1,405,127 |
| Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 bliain | 268,283 | 266,507 |
| Gluaiseacht i nGlanfhiacha le linn na bliana | 411,146 | 1,671,634 |
| Glanfhiacha amhail 1 Eanáir | 2,277,603 | 605,969 |
| Glanfhiacha amhail 31 Nollaig | 2,688,749 | 2,277,603 |

**Anailís ar Athruithe ar Ghlanfhiacha**

| | Amhail 31 Nollaig 2017 | Sreafaí Airgid | Amhail 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead Tirim agus a Choibhéis | 4,686,612 | 142,863 | 4,829,475 |
| Áis Mhorgáiste 20-bliain | (2,409,009) | 268,283 | (2,140,726) |
| Iomlán | 2,277,603 | 411,146 | 2,688,749 |

## 16. TEAGMHAIS DÁ ÉIS

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta tar éis dáta an Chláir Chomhardaithe.

## 17. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

## 18. DLITEANAS TEAGMHASACH

Níl aon dliteanais teagmhasacha ann ag deireadh na bliana ag a mbeadh drochthionchar ar staid airgeadais na cuideachta.

## 19. SOCHAIR SCOIR

### (a) Oibleagáid agus Sócmhainn Sochair Scoir

Mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta (féach Nóta 1) aistríodh ciste sochar scoir an Fhorais chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010 de réir An Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Agus sócmhainní na scéime aistrithe tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis sochair scoir atá dlite a thabhairt san áireamh. Cuirfidh an roinn maoiniú ar fáil má tá na sochair scoir a íoctar níos mó ná an ranníocaíocht. Tá glactha ag an mBord le caitheamh agus nochtaithe a éilíonn Cuid 28 den gcaighdeán cuntasaíochta FRS 102 chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Oibríonn an socrú maoinithe ar bhonn glaníocaíochta leis an roinn ach is í tuairim an Fhorais gur comhaicmeach le haisíocaíocht iomlán na hoibleagáide sochair scoir é an cineál socraithe atá ann nuair a bhíonn na dliteanais sin dlite. Dá bhrí sin aithníonn sé a cheart chuig aisíocaíocht mar shócmhainn ar leith sa mhéid arb ionann é agus an oibleagáid, ag deireadh na bliana.

Ba é an oibleagáid sochair scoir ar an 31 Nollaig 2018 ná €60,865,000 (2017: €62,981,000) agus é bunaithe ar luacháil achtúireach na n-oibleagáidí sochair scoir i ndáil le foireann an Fhorais amhail 31 Nollaig 2018, a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun críocha FRS 102. Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha dar luach €60,865,000 arb ionann é agus an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2018 mar shócmhainn ar leith ar an gClár Comhardaithe. Críochnaíodh an t-athbhreithniú achtúireach maidir le nochtuithe i leith FRS102 chun críche na Ráiteas Airgeadais 2018.

**Gluaiseacht in Oibleagáid Sochair Scoir**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Luach na nOibleagáidí Scéime faoi láthair amhail 1 Eanáir | 62,981 | 60,418 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,247 | 1,242 |
| Plean maidir le Ranníocaíochtaí Rannpháirtithe | 53 | 66 |
| Costas Úis | 1,149 | 1,073 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach | (2,421) | 1,763 |
| Sochair Íoctha | (2,017) | (1,470) |
| Costais íoctha | (127) | (111) |
| Luach na nOibleagáidí Scéime faoi láthair amhail 31 Nollaig | 60,865 | 62,981 |
| | | |
| Sócmhainn Sochair Scoir amhail 31 Nollaig | 60,865 | 62,981 |

**(b) Costas Sochar Scoir arna Aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí pinsin Fostóra arna dtarchur chuig Státchiste | 1,640 | 1,445 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,300 | 1,308 |
| Costas Úis | 1,149 | 1,073 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha ón Státchiste | (2,449) | (2,381) |
| **Iomlán gearrtha chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais** | **1,640** | **1,445** |

**(c) Ranníocaíocht leis an Státchiste maidir le Sochair Scoir**

De réir na socruithe atá leagtha amach i Nóta 19a tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Státchiste i ndáil le sochair scoir. Tá ráta na ranníocaíochta socraithe ag 34.6% de mhuirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sé ranníocaíocht €1.6m (2017: €1.5m) an Fhorais chomh maith le ranníocaíochtaí ó fhostaithe dar luach €88,103 (2017: €101,843). Déanann an Foras íocaíochtaí sochair scoir agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Státchiste agus ríomhtar an méid atá dlite don Státchiste tar éis na híocaíochtaí seo a ghlacadh san áireamh.
Tá méideanna atá iníoctha leis an Státchiste sonraithe thíos:

| | 2018 (€) | | 2017 (€) | |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid 1 Eanáir | | (8,789) | | (3,703) |
| Ranníocaíochtaí ón bhForas Riaracháin (Gan Daoine ar Iasacht san áireamh) | 1,639,849 | | 1,444,871 | |
| Foireann an Fhorais ar Iasacht | 71,327 | | 73,540 | |
| Iomlán na Ranníocaíochtaí ón bhForas(i) | | 1,711,176 | | 1,518,411 |
| Ranníocaíochtaí ó Fhostaithe | | 88,103 | | 101,843 |
| Sochair Scoir agus Íocaíochtaí a bhaineann leo | | (2,215,237) | | (1,654,667) |
| Aisíocaíocht ó/(Íocaíochtaí leis) an Státchiste | | 297,244 | | 29,328 |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | | (127,503) | | (8,789) |

Nóta (i): Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar iasacht. Íocann an Foras an ranníocaíocht phinsin riachtanach leis an Státchiste thar a gceann, is é sin €71,327 (2017: €73,540).

**(d) Cur-síos ar an scéim agus boinn Tuisceana Achtúireachta**

Is é atá sa scéim sochar scoir ná socrú pinsin sochair sainithe a bhaineann leis an tuarastal deiridh agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha a ghabhann le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (in aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (i dtrí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus sochar scoir do chéilí agus do leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann sochair scoir atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le sochar scoir a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí san áireamh agus an oibleagáid maidir le sochar sainithe á meas.

Ba iad seo a leanas na suímh airgeadais a úsáideadh chun críche FRS 102:

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 2.60% | 2.75% |
| Ráta méadaithe sochar scoir atá á n-íoc | 2.60% | 2.75% |
| Ráta méadaithe sochar scoir atá á n-iarchur | 2.60% | 2.75% |
| Ráta lascaine | 1.80% | 1.85% |
| Boilsciú | 1.60% | 1.75% |

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach na ndliteanas scéime ná:

Meánionchas saoil ualaithe do thháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2018:

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| Ball fireann in aois 65 (Ionchas saoil reatha) | 21.4 | 21.2 |
| Ball baineann in aois 65 (Ionchas saoil reatha) | 23.9 | 23.7 |
| Ball fireann in aois 45 (Ionchas saoil ag aois 65) | 23.8 | 23.7 |
| Ball baineann in aois 45 (Ionchas saoil ag aois 65) | 25.9 | 25.8 |
| Ball fireann in aois 40 (Ionchas saoil ag aois 65) | - | 24.2 |
| Ball baineann in aois 40 (Ionchas saoil ag aois 65) | - | 26.3 |

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, rud a cheadaíonn feabhsuithe réamh-mheasta.

**(e) Maoiniú Sochair Scoir**

Measann an Foras Riaracháin go n-íocfaidh sé €1.6m leis an Státchiste in 2019.

**20. LEASANNA BAILL AN BHOIRD**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an *Chóid Chleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) maidir le nochtadh leasanna baill Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Ní dhearnadh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na baill.

## 21. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord Stiúrthóirí an Fhorais na Ráitis Airgeadais seo agus d'údaraigh le haghaidh a n-eisithe iad ar an 18 Meán Fómhair 2019.